Comórtas Tallainne na Scoile:

Bhí mé ar scoil lá amháin ag féachaint ar fhógra ar an bhalla. Dúirt sé go raibh seó talainne i halla na scoile ar an Luan, an cúigiú lá de mhí Feabhra. Bhí duais míle euro ar fáil! Ba mhaith liom páirt a ghlacadh sa chomórtas, mar bhí grúpa ceoil agam agus ag mo chairde Sinéad, Peadar agus Niamh.

"Beo agus Bríomhar" is ainm don ghrúpa. Bhí Sinéad ag ceol/canadh, bhí Peadar ar na drumaí, bhí Niamh ar an ghiotár agus bhí mé féin ar an fhidil. D'éist an príomhoide linn ag cleachtadh, agus thaitin an ceol go mór leis.

Ar an Luan sin, bhí an halla dubh le daoine. Bhí mé sásta mar bhí mo thuismitheoirí sa halla. Cheol/Chan muid ag deireadh na hoíche. Bhain muid an-sult as, agus bhain/bhuaigh muid an comórtas! Bhí muid ar bís!

An Aoine sin, fuair muid seic míle euró ón phríomhoide. Chaith gach duine eile an t-airgead, ach chuir mise é sa bhanc. Bhí muid breá sásta gur ghlac muid páirt sa chomórtas tallainne. Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo air.